CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/500 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Márta 2022

lena suitear gur teagmhas eisceachtúil é ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin a bhfuil suaitheadh suntasach sna margaí mar thoradh air

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(2), an dara fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ionsaí míleata á dhéanamh ag an Rúis ar an Úcráin ón 24 Feabhra 2022, ionsaí a bhfuil tionchar aige ar oibreoirí san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe san Aontas. Cuireadh leis an méadú ar phraghsanna príomhionchur amhail fuinneamh agus amhábhair go tobann, toisc gur cuireadh isteach ar shreafaí trádála tráchtearraí ón Rúis agus ón Úcráin, ar sreafaí trádála iad a bhfuil ríthábhacht leo le haghaidh na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe. Tá difear tromchúiseach á dhéanamh don thrádáil idir an Úcráin agus an tAontas mar gheall nach bhfuil fáil ar iompar de dheasca aerfoirt na hÚcráine a bheith buailte ag ionsaí na Rúise agus na hoibríochtaí loingseoireachta tráchtála uile i gcalafoirt na hÚcráine a bheith ar fionraí. Is dócha go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha ag an ngéarchéim sin ar sholáthar gráin, olaí plandúla agus iasc geal ón Úcráin agus ón Rúis don Aontas, iarmhairtí arb é an toradh a bheidh orthu méadú mór ar phraghsanna beatha éisc, rud a chuirfidh le hardú as cuimse ar phraghsanna fuinnimh, nó le ganntanais i bpríomh-amhábhar. Scor cuid de chabhlach an Aontais den iascaireacht, i bhfianaise an laghdaithe atá tagtha ar bhrabúsacht na gníomhaíochta sin agus ós rud é nach féidir an méadú ar chostais ionchur a chúiteamh. Tá soithí iascaireachta a oibríonn sa Mhuir Dhubh faoi bhagairt ó ghníomhaíochtaí míleata a d'fhéadfadh bheith ann, agus dá bharr sin, tá a ngníomhaíocht ar fionraí réamhchúraim. Tá tionchar comhcheangailte na méaduithe costas agus na nganntanas sin ag dul i bhfeidhm ar na hearnálacha feirmeoireachta agus próiseála bia mara freisin. Dá bhrí sin, an suaitheadh suntasach sa mhargadh mar gheall ar mhéaduithe móra ar chostais agus ar an gcur isteach ar thrádáil, teastaíonn gníomhaíocht éifeachtach éifeachtúil ina leith.

(2) De bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/1139, in imthosca den sórt sin, leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) féadfar tacú le cúiteamh as costais áirithe nach costais iad atá incháilithe do chúiteamh den sórt sin ar shlí eile, ar cúiteamh é le haghaidh oibreoirí san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe as a n-ioncam tarscaoilte nó as costais bhreise, agus le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a stórálann táirgí iascaigh i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/1139, tá an córas tacaíochta sonrach i gcás suaitheadh den sórt sin sa mhargadh teoranta don chuspóir sonrach maidir le margaíocht, cáilíocht agus breisluach táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn, chomh maith le próiseáil na dtáirgí sin. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 26(2) sin, níl feidhm ag an gcóras tacaíochta ach amháin i gcás ina suíonn an Coimisiún gur tharla teagmhas eisceachtúil a bhfuil suaitheadh suntasach sna margaí mar thoradh air.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí a shuí gur teagmhas eisceachtúil é ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin a bhfuil suaitheadh suntasach sna margaí mar thoradh air.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

(5) De bhun Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2021/1139, cúiteamh as costais bhreise nó ioncam tarscaoilte agus cúiteamh eile dá bhforáiltear faoin Rialachán sin, déanfar é a dheonú faoi aon cheann de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Tá Airteagal 53(3) den Rialachán sin le comhlíonadh leis na modheolaíochtaí arna mbunú ag na Ballstáit chun na críche sin.

(6) De bhun Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, tá caiteachas incháilithe do ranníocaíocht ó CEMID más rud é go ndearna tairbhí é a thabhú agus go n-íocadh é in oibríochtaí cur chun feidhme idir an dáta a chuir an Ballstát an clár CEMID faoi bhráid an Choimisiúin nó ón 1 Eanáir 2021, cibé dáta is túisce, agus an 31 Nollaig 2029. Mar sin féin, caiteachas a tabhaíodh de thoradh an suaite sna margaí a rinneadh de bharr teagmhas eisceachtúil a suíodh leis an gCinneadh seo, ba cheart an caiteachas sin a bheith incháilithe do thacaíocht faoi Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/1139 ón 24 Feabhra 2022, an dáta a cuireadh tús le hionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin. Ó thaobh caiteachas a thabhaítear, ós rud é gur dócha go mbeidh tionchar ag an suaitheadh sna margaí ar oibreoirí sna hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe ar feadh roinnt míonna, ba cheart an caiteachas sin a bheith incháilithe má thabhaítear é go dtí an 31 Nollaig 2022.

(7) I bhfianaise an ghá atá leis an tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/1139 a chur chun feidhme, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/1139, measfar gur teagmhas eisceachtúil é ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin ón 24 Feabhra 2022 a bhfuil suaitheadh suntasach sna margaí mar thoradh air.

Airteagal 2

Caiteachas a gceadaítear tacaíocht lena aghaidh de thoradh an Chinnidh seo, beidh an caiteachas sin incháilithe má thabhaítear é idir an 24 Feabhra agus 31 Nollaig 2022, agus má íoctar é go dtí an 31 Nollaig 2029.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus do Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).